*Uimhir* 1 *de* 1994

# An tAcht um Chlárú Marbh-Bhreitheanna, 1994

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 1 *de* 1994

# AN tACHT UM CHLÁRÚ MARBH-BHREITHEANNA, 1994

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt

1. Marbh-bhreitheanna.

2. Mínithe.

3. Feidhmeanna an Ard-Chláraitheora agus cláraitheoirí.

4. An Clár a bheidh le coimeád.

5. Feidhm alt 7 den *Births and Deaths Registration Act (Ireland)*, 1880.

6. Fógra a thabhairt maidir le marbh-bhreitheanna, agus clárú a dhéanamh ar mharbh-bhreitheanna, a tharlóidh ar an dáta tosach feidhme nó dá éis.

7. Fógra a thabhairt maidir le marbh-bhreitheanna, agus clárú a dhéanamh ar mharbh-bhreitheanna, a tharlóidh roimh an dáta tosach feidhme.

8. Taifid i gcláir marbh-bhreitheanna.

9. Taifid a athrú.

10. Cionta agus pionóis.

11. Táillí.

12. Foirmeacha.

13. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.

AN SCEIDEAL

FAISNÉIS A BHEIDH LE TAIFEADADH SA CHLÁR

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

| | |
|---|---|
| *Births and Deaths Registration Act (Ireland),* 1880 | 43 agus 44 Vict. c. 13 |
| Na hAchtanna um Chlárú Breitheanna agus Básanna, 1863 go 1987 | |
| An tAcht um Chlárú Breitheanna, Básanna agus Póstaí, 1972 | 1972, Uimh. 25 |
| An tAcht um Stádas Leanaí, 1987 | 1987, Uimh. 26 |

*Uimhir* 1 *de* 1994

**AN tACHT UM CHLÁRÚ MARBH-BHREITHEANNA, 1994**

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ LE hAGHAIDH CLÁRÚ MARBH-BHREITHEANNA. [23 *Feabhra* 1994]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.—**Beidh feidhm ag an Acht seo i ndáil le leanbh ar 500 gram nó níos mó a mheáchan tráth a bhreithe, nó ar 24 seachtaine nó níos mó a aois sa tréimhse iompair, agus nach léir aon chomharthaí beatha a bheith ann. Marbh-bhreitheanna.

**2.—**San Acht seo— Mínithe.

ciallaíonn "dáta tosach feidhme" an lá a cheapfar faoi *alt 13(3)* den Acht seo mar an lá a thiocfaidh an tAcht seo i ngníomh;

ciallaíonn "an tAire" an tAire Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;

ciallaíonn "an cláraitheoir" an cláraitheoir do cheantar faoi na hAchtanna um Chlárú Breitheanna agus Básanna, 1863 go 1987, arna leathnú leis an Acht seo, agus déanfar "clár" a fhorléiriú dá réir sin;

ciallaíonn "marbh-bhreith" breith arb i ndáil léi a bhaineann *alt 1* den Acht seo agus déanfar "marbh-bheirthe" a fhorléiriú dá réir sin.

**3.—**(1) Áireofar clárú a dhéanamh ar mharbh-bhreitheanna ar fheidhmeanna an Ard-Chláraitheora, cláraitheoirí maoirseachta agus cláraitheoirí faoi na hAchtanna um Chlárú Breitheanna agus Básanna, 1863 go 1987. Feidhmeanna an Ard-Chláraitheora agus cláraitheoirí.

(2) Féadfaidh an tArd-Chláraitheoir cibé treoruithe a bhaineann le clárú a dhéanamh ar mharbh-bhreitheanna a thabhairt do chláraitheoirí maoirseachta agus do chláraitheoirí agus a cheangal orthu cibé dualgais is gá a chomhall chun éifeacht a thabhairt don Acht seo.

**4.—**Bunóidh agus cothabhálfaidh gach cláraitheoir clár ar a dtabharfar clár na marbh-bhreitheanna, agus dá ngairtear "an clár" san Acht seo. An Clár a bheidh le coimeád.

Feidhm alt 7 den *Births and Deaths Registration Act (Ireland)*, 1880.

**5.**—Beidh feidhm ag alt 7 den *Births and Deaths Registration Act (Ireland),* 1880, arna leasú le halt 49 den Acht um Stádas Leanaí, 1987 maidir le marbh-bhreitheanna mar atá feidhm aige maidir le beobhreitheanna.

Fógra a thabhairt maidir le marbh-bhreitheanna, agus clárú a dhéanamh ar mharbh-bhreitheanna, a tharlóidh ar an dáta tosach feidhme nó dá éis.

**6.**—(1) Féadfaidh máthair nó athair linbh mharbh-bheirthe, laistigh de dhá lá is daichead i ndiaidh na breithe, an fhaisnéis a shonraítear san alt seo (“na sonraí a éilítear”) a thabhairt do chláraitheoir an cheantair inar tharla an mharbh-bhreith agus an clár a shíniú i láthair an chláraitheora, agus déanfaidh an cláraitheoir an mharbh-bhreith a chlárú dá réir sin agus an clár a shíniú.

(2) Áireofar sna sonraí a éilítear na sonraí a léirítear sa Sceideal a ghabhann leis an Acht seo mar aon le deimhniú liachta arna shíniú ag lia-chleachtóir cláraithe a bhí i láthair ag an mbreith nó a scrúdaigh an leanbh, ina luafar meáchan an linbh agus aois an linbh sa tréimhse iompair, i dtuairim an lia-chleachtóra, agus ina n-ainmneofar, más infheidhme, an t-ospidéal inar tharla an bhreith nó a raibh an mháthair faoina chúram tar éis na breithe.

(3) I gcás go ndéanfar an clárú de thoradh sonraí arna soláthar ag máthair nó athair an linbh, tabharfaidh an cláraitheoir, laistigh de dhá sheachtain ón dáta clárúcháin, fógra don ospidéal a bheidh ainmnithe sa deimhniú nó don lia-chleachtóir a shínigh é, i gcás nach mbeidh aon ospidéal ainmnithe, á rá go ndearnadh an clárú sin.

(4) I gcás nach bhfaighidh an t-ospidéal nó an lia-chleachtóir aon fhógra den sórt sin laistigh de thrí mhí ón marbh-bhreith, beidh de dhualgas ar an ospidéal (ag comhalta údaraithe dá fhoireann) nó, i gcás nach mbeidh ospidéal i gceist, ar an lia-chleachtóir a bhí i láthair ag an mbreith nó a scrúdaigh an leanbh na sonraí a éilítear i dtaobh na marbh-bhreithe a thabhairt don chláraitheoir laistigh de cheithre mhí ón marbh-bhreith agus an clár a shíniú i láthair an chláraitheora, agus déanfaidh an cláraitheoir an mharbh-bhreith a chlárú dá réir sin agus an clár a shíniú.

(5) Aon lia-chleachtóir a fhreastalóidh ar mharbh-bhreith nó a scrúdóidh an leanbh, tabharfaidh sé an deimhniú liachta a éilítear do mháthair nó d’athair an linbh mharbh-bheirthe, i gcás go léireoidh ceachtar tuismitheoir gur mian leis nó léi an mharbh-bhreith a chur in iúl don chláraitheoir.

(6) I gcás go soláthrófar deimhniú liachta do mháthair nó d’athair an linbh mharbh-bheirthe agus nach dtabharfar fógra don ospidéal ná don lia-chleachtóir go ndearnadh an clárú de thoradh faisnéis arna tabhairt ag na tuismitheoirí don chláraitheoir, féadfar dúblach den deimhniú sin a úsáid chun críoch clárúcháin.

(7) Mura deimhin leis an lia-chleachtóir, go hiomlán, gur mharbh-bhreith a bhí sa bhreith, déanfaidh an lia-chleachtóir an cheist a tharchur chuig an gcróinéir.

(8) Más rud é, le linn dó a dhualgas a dhéanamh, go bhfionnfaidh cróinéir gur corp linbh mharbh-bheirthe corp, tabharfaidh an cróinéir, laistigh de mhí amháin d’fhionnadh amhlaidh, fógra i dtaobh shonraí na marbh-bhreitheanna, mar a léirítear sa Sceideal, a thabhairt don chláraitheoir, a mhéid is féidir leis an gcróinéir iad a fhionnadh agus déanfaidh an cláraitheoir an mharbh-bhreith a chlárú dá réir sin agus an clár a shíniú.

(9) Beidh feidhm ag alt 3 den Acht um Chlárú Breitheanna, Básanna agus Póstaí, 1972 maidir le clárú a dhéanamh ar mharbh-bhreitheanna mar atá feidhm aige maidir le clárú a dhéanamh ar bhreitheanna agus ar bhásanna.

(10) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le marbh-bhreitheanna a tharlóidh an dáta tosach feidhme nó dá éis.

Fógra a thabhairt maidir le marbh-bhreitheanna, agus clárú a dhéanamh ar mharbh-bhreitheanna, a tharlóidh roimh an dáta tosach feidhme.

**7.—**(1) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le marbh-bhreitheanna a tharlóidh roimh an dáta tosach feidhme.

(2) Féadfaidh máthair nó athair linbh mharbh-bheirthe lena mbaineann an t-alt seo an fhaisnéis a shonraítear san alt seo ("na sonraí a éilítear") a thabhairt do chláraitheoir an cheantair inar tharla an mharbh-bhreith agus an clár a shíniú i láthair an chláraitheora, agus déanfaidh an cláraitheoir an mharbh-bhreith a chlárú dá réir sin agus an clár a shíniú.

(3) Ba cheart na sonraí a léirítear sa Sceideal a ghabhann leis an Acht seo a áireamh sna sonraí a éilítear chun críocha an ailt seo mar aon le cibé fianaise lena suífear, chun sástacht an Ard-Chláraitheora, gur tharla marbh-bhreith.

Taifid i gcláir marbh-bhreitheanna.

**8.—**(1) Déanfaidh an cláraitheoir taifid i gclár marbh-bhreitheanna a chur ar aghaidh chuig an gcláraitheoir maoirseachta iomchuí agus déanfaidh an cláraitheoir maoirseachta iad a chur ar aghaidh chuig an Ard-Chláraitheoir ó am go ham, de réir mar a threoróidh an tArd-Chláraitheoir.

(2) I gcás go ndéanfaidh cláraitheoir taifead i gclár marbh-bhreitheanna a chur ar aghaidh chuig cláraitheoir maoirseachta, nó go ndéanfaidh cláraitheoir maoirseachta é a chur ar aghaidh chuig an Ard-Chláraitheoir, ní choimeádfaidh an cláraitheoir ná an cláraitheoir maoirseachta cóip den taifead sin.

(3) Ní bheidh aon duine, seachas an tArd-Chláraitheoir, i dteideal clár a chuardach ach amháin i gcás go ndéanfar feidhmeanna a thugtar d'aon duine den sórt sin leis an Acht seo a fheidhmiú.

(4) Ní dhéanfar cóip dheimhnithe de thaifead i gclár a sholáthar ach amháin sna himthosca seo a leanas:

(*a*) i gcás go ndéanfar clárú de thoradh faisnéis arna soláthar ag máthair nó athair an linbh mharbh-bheirthe, déanfar cóip dheimhnithe den taifead sa chlár a sholáthar do mháthair nó d'athair an linbh mharbh-bheirthe, ar í a iarraidh, an tráth a dhéanfar an clárú;

(*b*) beidh máthair nó athair an linbh mharbh-bheirthe i dteideal cóip dheimhnithe de thaifead sa chlár a fháil ina dhiaidh sin más deimhin leis an Ard-Chláraitheoir, nó le duine a dtarmligfidh an tArd-Chláraitheoir an chumhacht seo chuige, gurb í máthair nó gurb é athair an linbh mharbh-bheirthe lena mbaineann an taifead an duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh aige nó aici;

(*c*) ní dhéanfar cóipeanna deimhnithe de thaifid i gclár a chur ar fáil do dhaoine eile ach amháin de rogha an Ard-Chláraitheora.

Taifid a athrú.

**9.—**Maidir le ceartúcháin a dhéanamh ar thaifid i gclár, nó ábhar a chur leis an gcéanna, ní dhéanfaidh aon duine seachas duine a bheidh údaraithe

le treoruithe ón Ard-Chláraitheoir iad, agus is de réir threoruithe an Ard-Chláraitheora a dhéanfar iad.

Cionta agus pionóis.

**10.**—(1) Beidh feidhm ag cionta a bhaineann le clárú a dhéanamh ar bhreitheanna maidir le clárú a dhéanamh ar mharbh-bhreitheanna freisin agus beidh feidhm ag pionóis a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire i leith cionta den sórt sin maidir le cionta comhchineálacha a bhaineann le clárú marbh-bhreitheanna freisin.

(2) Aon ráiteas bréagach nó mífhaisnéis a thabharfaidh duine d'fhonn cóip dheimhnithe de thaifead i gclár marbh-bhreitheanna a fháil, is cion é faoi alt 30 den *Births and Deaths Registration Act (Ireland)*, 1880.

Táillí.

**11.**—Beidh feidhm ag táille le haghaidh cóip dheimhnithe de thaifead i gclár breitheanna maidir le cóip dheimhnithe de thaifead i gclár na marbh-bhreitheanna freisin.

Foirmeacha.

**12.**—Féadfaidh an tAire Sláinte, nó an tArd-Chláraitheoir le toiliú an Aire Sláinte, foirmeacha a sholáthar lena n-úsáid chun críocha an Achta seo.

Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.

**13.**—(1) Féadfar an tAcht um Chlárú Marbh-Bhreitheanna, 1994 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Chlárú Breitheanna agus Básanna, 1863 go 1994 a ghairm de na hAchtanna um Chlárú Breitheanna agus Básanna, 1863 go 1987 agus den Acht seo le chéile, agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.

## AN SCEIDEAL

*Ailt 6 agus 7.*

### Faisnéis a bheidh le Taifeadadh sa Chlár

Dáta Breithe agus Áit Bhreithe.

Gnéas an Linbh.

Meáchan.

Aois sa Tréimhse Iompair.

Túsainm agus Sloinne an Linbh.

Túsainm, Sloinne, Seoladh agus Slí Bheatha na Máthar.

Aon Iarshloinne/iarshloinnte de chuid na Máthar.

Túsainm, Sloinne, Seoladh agus Slí Bheatha an Athar.

Aon Iarshloinne/iarshloinnte de chuid an Athar.

Síniú, Cáilíocht agus Seoladh an Fhaisnéiseora.

Tráth an Chláraithe.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

Wt. 107764. 42. 8/22. Essentra. (93660). Gr.30-15.

9 781399 303736